AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**Ciorclán 0033/2010**

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bunscoileanna, Meánscoileanna, Pobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta**
**agus**
**Príomhoifigigh Feidhmiúcháin Choistí Gairmoideachais**

# Scéim Shaoire Bhreoiteachta maidir le Cúntóirí Riachtanas Speisialta i mBunscoileanna agus in Iarbhunscoileanna Aitheanta

Tugann an tAire Oideachais agus Scileanna ordú duit na rialacháin agus na nósanna imeachta maidir le saoire bhreoiteachta a fheidhmiú maidir le cúntóirí riachtanas speisialta a mbíonn a bpoist maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

Tá na rialacháin agus na nósanna imeachta le feidhmiú le héifeacht láithreach agus ní mór do gach cúntóir riachtanas speisialta cloí le téarmaí na scéime saoire breoiteachta atá ceangailte.

Tá Straitéis Sláinte Saothair curtha i bhfeidhm mar acmhainn thacaíochta do chúntóirí riachtanas speisialta. Is í aidhm na straitéise seo sláinte cúntóirí riachtanas speisialta san áit oibre a chur chun cinn agus díriú go príomha ar chosc seachas ar leigheas. Tá an Straitéis Sláinte Saothair comhdhéanta de na Seirbhísí Chúnamh d'Fhostaithe agus Seirbhísí Sláinte Saothair do chúntóirí riachtanas speisialta.

San áireamh sa tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe tá comhairleoireacht faoi rún maidir le saincheisteanna amhail an tsláinte, caidrimh, méala, strus, coimhlint, teagmhais criticiúla agus tráma. San áireamh sa tSeirbhís Sláinte Saothair tá measúnaithe sláinte réamhfhostaíochta, atreoruithe maidir le neamhláithreachtaí breoiteachta, measúnaithe míochaine maidir le hoiriúnacht chun oibre agus measúnaithe scor ar chúiseanna dhrochshláinte.

Tá eolas breise maidir leis an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe agus an tSeirbhís Sláinte Saothair ar fáil ag www.education.ie.

Gabhann an ciorclán seo in ionad gach ciorclán, meabhrán, rialacha agus rialacháin roimhe sin i ndáil le saoire bhreoiteachta agus saoire a thagann chun cinn mar thoradh ar ionsaí ag an obair maidir le cúntóirí riachtanas speisialta i mbunscoileanna agus in iarbhunscoileanna aitheanta. Cinntigh le do thoil go soláthrófar cóip den chiorclán seo chuig gach comhalta den Bhord Bainistíochta/Choiste Gairmoideachais agus go dtabharfar an t-ábhar atá ann ar aird gach cúntóir riachtanas speisialta atá fostaithe agat lena n-áirítear iad siúd ar chead neamhláithreachta.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Scoile – Cúntóir Riachtanas Speisialta.

Ba chóir aon fhiosrúchán maidir leis an gciorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig **teachersna@education.gov.ie**

D. Tattan
Príomhoifigeach
An Rannóg Scoileanna
Iúil 2010

P.Maloney
Príomhoifigeach
Rannóg Párolla
Iúil 2010

# Scéim Shaoire Bhreoiteachta do Chúntóirí Riachtanas Speisialta (SNA's)

## Sainmhínithe

D'fhonn cuspóirí na scéime seo, beidh na míniúcháin atá sannaithe dóibh anseo ag na téarmaí a leanas mura léiríonn a gcomhthéacs a mhalairt:

**An Roinn** – ciallaíonn sin An Roinn Oideachais agus Scileanna.

**Fostóir** – ciallaíonn sin Coiste Gairmoideachais (VEC) i gcás gairmscoileanna/coláistí pobail agus Bord Bainistíochta/Bainisteoir i gcás bunscoileanna, meánscoileanna deonacha, pobalscoileanna agus scoileanna cuimsitheacha. Féadfaidh an Coiste Gairmoideachais nó an Bord Bainistíochta/an Bainisteoir an fhreagracht maidir le nithe atá leagtha amach sa chiorclán seo a tharmligean chun Príomhoide na scoile.

**Soláthróirí Seirbhís Sláinte Saothair (OHS)** – ciallaíonn sin do sholáthróirí comhairle míochaine neamhspleách maidir le sláinte saothair.

**An Córas Éilimh Ar Líne (OLCS)** – ciallaíonn sin an córas atá i bhfeidhm faoi láthair i mbunscoileanna, i meánscoileanna deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha.

**Earnáil Scoile** – ciallaíonn sin bunscolaíocht, meánscolaíocht dheonach, pobalscolaíocht, scolaíocht chuimsitheach nó gairmscolaíocht, de réir mar is cuí.

**1 Réamhrá**

1.1 Sainmhínítear tréimhse bhreoiteachta mar thréimhse ar bith i dtuairim dochtúra nuair nach bhfuil ar chumas SNA a g(h)náthdhualgais teagaisc a chomhlíonadh beag beann ar cibé an bhfuil an scoil a fhostaíonn é/í ar oscailt mar is gnáth nó nach bhfuil.

1.2 Tá sé ceaptha cead neamhláithreachta a dheonú do SNA atá breoite chun deis chuí a thabhairt don SNA sin téarnamh i ndiaidh bhreoiteachta agus iarmhairtí na breoiteachta sin ionas gur féidir leis/léi filleadh go luath ar a d(h)ualgais gan an dóchúlacht go n-athiompóidh sí/sé breoite.

1.3 Féadfar cead neamhláithreachta a dheonú do SNA nach bhfuil ar a c(h)umas a d(h)ualgais a chomhlíonadh

- mar gheall ar bhreoiteacht, díobháil nó staid míochaine a bhaineann le toircheas/saolú linbh nó
- nuair a bhíonn sé/sí as láthair chun críche seirbhísí a bhaineann le sláinte a fháil, m.sh. Dochtúir/Fiaclóir ar choinníoll nach bhféadfaí coinní mar iad a shocrú lasmuigh de ghnáthuaireanta nó laethanta oibre.

**2 Teidlíocht ar Shaoire Bhreoiteachta Íoctha agus Gan Phá**

2.1 Is gnáthach tuarastal incriminteach a bheith iníoctha le SNA incháilithe ar chomhlíonadh a chuid oibre.

2.2 D'fhonn cáiliú do scéim saoire bhreoiteachta íoctha an SNA áirítear leis an tseirbhís cháilitheach gach seirbhís SNA comhiomlánaithe i mbunscoileanna, i meánscoileanna

deonacha, i bpobalscoileanna agus i scoileanna cuimsitheacha agus leis na Coistí Gairmoideachais nuair a bhíonn an tseirbhís maoinithe ag airgead arna sholáthar ag an Oireachtas.

2.3 Ní cheadófar saoire bhreoiteachta íoctha i rith na chéad trí mhí seirbhíse. Beidh feidhm leis na teorainneacha a leanas ina dhiaidh sin:

a) Tar éis seirbhíse trí mhí, saoire bhreoiteachta íoctha suas le sé seachtaine in aon tréimhse seirbhíse dhá mhí dhéag
b) tar éis seirbhíse sé mhí, saoire bhreoiteachta íoctha suas le naoi seachtaine in aon tréimhse seirbhíse dhá mhí dhéag
c) tar éis seirbhíse dhá mhí dhéag, saoire bhreoiteachta íoctha suas le trí seachtaine déag in aon tréimhse seirbhíse dhá mhí dhéag.

Ríomhtar an tréimhse saoire bhreoiteachta go siarghabhálach agus áirítear leis deirí seachtaine agus laethanta ar a raibh an scoil dúnta agus laethanta nach bhfuil an SNA ar an tráthchlár láithreachta, laistigh den tréimhse neamhláithreachta.

2.4 Tiocfaidh deireadh le teidlíocht SNA ar shaoire bhreoiteachta, bíodh sin íoctha nó gan phá, ar éag an chonartha agus i gcás nár athnuadh an conradh sin.

2.5 I gcás SNA a bhfuil an uastréimhse de shaoire bhreoiteachta íoctha ídithe aige/aici agus atá éagumasaithe i dtuairim dochtúra chun filleadh ar an obair agus ar mhian leis/léi go gcoimeádfaí a p(h)ost ar oscailt sa scoil, caithfidh sé/sí iarratas a dhéanamh chuig a f(h)ostóir ar thréimhse bhreise de shaoire bhreoiteachta gan phá a bhféadfaidh sé/sí filleadh ar an obair laistigh den tréimhse sin má dheimhníonn dochtúir go bhfuil sé/sí oiriúnach chuici. Ní sháróidh an tréimhse sin dhá bhliain ó dháta éaga na saoire breoiteachta íoctha. (Ní mór do SNA a t(h)réimhse saoire bhreoiteachta íoctha a bheith ídithe sula bhféadfaidh sé/sí iarratas a dhéanamh ar shaoire bhreoiteachta gan phá.) Beidh deonú tréimhse de shaoire bhreoiteachta gan phá faoi réir ag na nithe a leanas

- go mbeidh ionchas réasúnach athshlánaithe agus filleadh ar an obair i gceist agus
- deimhniú inghlactha dochtúra a chur isteach <u>ar bhonn rialta (1 mí ar a mhéad)</u> chuig an bhfostóir.

2.6 In imthosca eisceachtúla féadfar an dara tréimhse de shaoire bhreoiteachta gan phá a thógáil sna cásanna a leanas

- Gur lú ná 2 bhliain an chéad tréimhse de shaoire gan phá
- Go bhfuarthas comhairle na Seirbhíse Sláinte Saothair
- Gur lú ná an t-uasmhéid de 2 bhliain an dá thréimhse i dteannta a chéile de ghnáth

2.7 Sula mbíonn an saoire bhreoiteachta dhá bhliain gan phá ídithe, ní mór d'fhostóirí comhairle a lorg ón tSeirbhís Sláinte Saothair ar ionchas réasúnach athshlánaithe agus filleadh ar an obair. I gcás go measfar nach mbeidh filleadh ar an obair indéanta, ní mór don fhostóir beart a dhéanamh go tráthúil mar a mheasfaidh sé/sí a bheith oiriúnach, ar a n-áireofar ach ní teoranta do dheireadh a chur leis an gconradh fostaíochta.

2.8 Ní chuirfear saoire bhreoiteachta gan phá san áireamh mar sheirbhís a cháilíonn do shaoire bhreoiteachta íoctha bhreise.

## 3 Saoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe

3.1 Is ionann an uasmhéid laethanta saoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe atá incheadaithe in aon tréimhse 12 mí agus 7 lá, agus ríomhtar iad go siarghabhálach ó chéad dáta den neamhláithreachas is déanaí.

3.2 Ní mór do SNA a bhíonn as láthair ó dhualgais mar gheall ar bhreoiteacht an fostóir a chur ar an eolas, nó socruithe oiriúnacha a dhéanamh an fostóir a chur ar an eolas, chomh luath agus is féidir ar an chéad lá den neamhláithreacht. Ba chóir don SNA, nuair is indéanta sin, fad na neamhláithreachta a lua.

3.3 Féadfar íocaíocht do shaoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe a mhodhnú nó a aistarraingt i ndiaidh próis chuí sa chás go mbíonn neamhláithreachtaí an-mhinic go míchuí nó go nglactar an uasmhéid laethanta go rialta nó go nglacfar iad bliain i ndiaidh bliana.

3.4 Féadfaidh SNA 2 lá as a chéile de shaoire bhreoiteachta a ghlacadh gan aon ghá deimhniú míochaine a sholáthar.

3.5 Ní fhéadfaidh SNA tréimhse saoire bhreoiteachta neamhdheimhnithe a thógáil díreach tar éis saoire bhreoiteachta dheimhnithe.

## 4 Saoire bhreoiteachta dheimhnithe

4.1 Má bhíonn SNA as láthair ar shaoire bhreoiteachta ar feadh níos mó ná 2 lá as chéile beidh gá le deimhniú míochaine.

4.2 Chun a bheith inghlactha, **ní mór** go mbeadh na nithe a leanas san áireamh ar dheimhniú míochaine

- nádúr na breoiteachta,
- gan an tréimhse a bheith ag sárú aon seachtain amháin.
- a bheith sínithe ag lia-chleachtóir cuícháilithe atá cláraithe le Comhairle na nDochtúirí Leighis,
- a bheith curtha isteach nach déanaí ná an tríú lá neamhláithreachta

Má theipeann ar SNA deimhniú dochtúra a sholáthar don fhostóir maidir le neamhláithreacht ar shaoire bhreoiteachta de réir na dtéarmaí atá leagtha amach thuas, ba chóir don fhostóir teagmháil a dhéanamh leis an SNA chun a chur in iúl dó/di go dtaifeadfaidh an fostóir, i ndiaidh próise cuí, an tsaoire mar thréimhse de shaoire bhreoiteachta neamhfhaofa má theipeann air/uirthi an deimhniú dochtúra riachtanach a sholáthar agus aistarraingeofar íocaíocht don SNA agus d'fhéadfaí go rachfaí i mbun nósanna imeachta smachta ina leith.

4.3 I gcás ranníocóirí ÁSPC Aicme A i ngach earnáil scoile, ní mór an Deimhniú Leasa Shóisialaigh MC1 a sheoladh isteach chuig an Roinn/gCoiste Gairmoideachais tar éis 3 lá ar shaoire bhreoiteachta chun sin a atreorú chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí. Tá sin riachtanach chun rialacháin PRSI a chomhlíonadh.

4.4 Ní mór d'fhostóirí rúndacht gach faisnéis maidir le taifid shaoire bhreoiteachta SNAnna aonair a chosaint agus tá feidhm leis sin maidir le deimhnithe dochtúra go háirithe.

4.5 I gcásanna eisceachtúla nuair nach mian leis an SNA nádúr a b(h)reoiteachta a nochtadh don fhostóir, ba chóir don fhostóir comhairle sa mhéid seo a lorg ón tSeirbhís Sláinte Saothair.

## 5 Fógra maidir le saoire bhreoiteachta

5.1 Cuirfidh an fostóir mionsonraí chuig an Roinn (via an OLCS)/an gCoiste Gairmoideachais maidir le gach neamhláithreacht ar shaoire bhreoiteachta beag beann ar cibé ar fostaíodh SNA ionaid nó nár fostaíodh.

5.2 Féadfaidh SNA ráiteas mionsonraithe maidir le neamhláithreachtaí de dheasca breoiteachta a lorg ón bhfostóir. Tá an miondealú sin ar fáil ar an gcóras OLCS nó ón gCoiste Gairmoideachais.

## 6 Filleadh ar dhualgais i ndiaidh saoire bhreoiteachta íoctha/gan phá

6.1 Bheifí ag súil go mbeadh SNA oiriúnach i dtuairim dochtúra chun a d(h)ualgas a ghlacadh sula bhfilleann sé/sí ar an obair i ndiaidh tréimhse neamhláithreachta de dheasca breoiteachta ionas nach bhfillfeadh an bhreoiteacht ar an duine de bharr filleadh ar an obair**.**

6.2 Tá freagracht ar an bhfostóir faoi Alt 8 den **Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005** "sábháilteacht, sláinte agus leas ag an obair a f(h)ostaithe, chomh fada is atá sé praiticiúil go réasúnta, a chinntiú". Ceapadh an tSeirbhís Sláinte Saothair chun cuidiú leis an bhfostóir an dualgas sin a chomhlíonadh. Féadfaidh an fostóir, mar sin, SNA a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Saothair, d'fhonn measúnacht neamhspleách dochtúra a fháil, i gcás go bhfuil údar réasúnta imní ann faoi chumas an SNA filleadh ar a c(h)uid oibre ar bhealach atá sábháilte don SNA agus do na daltaí araon.

6.3 Ba chóir don fhostóir, agus atreorú á dhéanamh chuig an tSeirbhís Sláinte Saothair, cloí leis na Nósanna Imeachta Oibriúcháin Caighdeánacha sa lámhleabhar atá ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne - www.education.ie.

6.4 Beidh ar SNA oibriú i gcomhar leis an tSeirbhís Sláinte Saothair chun críche comhairle oiriúnach a chur ar an bhfostóir. Mar chuid den chomhoibriú sin d'fhéadfadh go mbeadh ar an SNA teacht i láthair dochtúra le haghaidh scrúdú dochtúra (arna shocrú ag an tSeirbhís Sláinte Saothair) agus/nó socruithe a dhéanamh chun tuairisc chuimsitheach ó dhochtúir go dochtúir a chur chuig an tSeirbhís Sláinte Saothair (ó dhochtúir an SNA).

6.5 Gnó don tSeirbhís Sláinte Saothair a bheidh ann a chinneadh cad iad na cúinsí ina bhféadfaí go n-iarrfaí ar SNA teacht i láthair le haghaidh measúnachta dochtúra. Má theipeann ar SNA comhoibriú leis an tSeirbhís Sláinte Saothair, gan chúis réasúnta, ar bhonn atreoraithe ó fhostóir féadfaidh scor/aistarraingt tuarastail a bheith mar thoradh air, i ndiaidh próise cuí.

6.6 SNA a bhfuil sé i gceist aige/aici filleadh ar a c(h)uid oibre roimh an dáta atá sonraithe ar a d(h)eimhniú, caithfidh sé/sí deimhniú dochtúra maidir le hoiriúnacht a sholáthar óna d(h)ochtúir freastail tráth nach déanaí ná an dáta fillte. Mura gcuirtear deimhniú mar sin ar fáil, áireofar an tréimhse iomlán mar atá taifeadta ar dheimhniú/dheimhnithe b(h)reoiteachta an dochtúra mar shaoire bhreoiteachta. Ní ghlacfar le deimhnithe dochtúra a sholáthrófar ag dáta níos déanaí mar fhianaise maidir le hoiriúnacht chun oibre.

6.7 Féadfaidh SNA dul ar ais ag obair i ndiaidh tréimhse saoire bhreoiteachta íoctha de bhreis is 8 seachtaine as a chéile nó níos mó, nó i ndiaidh tréimhse níos giorra i gcás go bhfuil údar réasúnta imní, más amhlaidh, roimh filleadh ar an obair

- go gcuireann an SNA deimhniú sásúil dochtúra ar fáil maidir lena f(h)olláine chun oibre agus
- go bhfuil an fostóir sásta, i ndiaidh comhairle a fháil sa chéad áit ón tSeirbhís Sláinte Saothair i bhfoirm atreorú dochtúra (féach 6.3 – 6.5 thuas), go bhfuil an SNA oiriúnach ó thaobh sláinte fisiciúil agus sláinte meabhrach de chun filleadh ar an obair.

6.8 Féadfaidh SNA filleadh ar an obair i ndiaidh tréimhse saoire bhreoiteachta gan phá, i gcás, roimh filleadh ar an obair

- go gcuireann an SNA deimhniú sásúil dochtúra ar fáil lena f(h)olláine chun oibre agus
- go bhfuil an fostóir sásta, i ndiaidh comhairle a fháil sa chéad áit ón tSeirbhís Sláinte Saothair i bhfoirm atreorú dochtúra tríd an tSeirbhís Sláinte Saothair (féach 6.3 – 6.5 thuas), go bhfuil an SNA oiriúnach ó thaobh sláinte fisiciúil agus sláinte meabhrach de chun filleadh ar an obair.

6.9 Sa chás ina bhfuil SNA as láthair ar shaoire bhreoiteachta agus nach bhfilleann sé/sí ar an obair ar feadh tréimhse réasúnta roimh agus i ndiaidh thréimhse ina raibh an scoil dúnta, glacfar leis go raibh an SNA ar shaoire bhreoiteachta don tréimhse iomlán ina raibh an scoil dúnta ach sna cásanna a leanas:

- go soláthraíonn an SNA deimhniú dochtúra maidir le hoiriúnacht chun filleadh ar an obair roimh nó le linn tréimhse dhúnta na scoile agus

- go bhfuarthas comhairle na Seirbhíse Sláinte Saothair maidir le hoiriúnacht an SNA dá d(h)ualgais maidir le cibé arbh fhéidir tréimhse dhúnta na scoile nó aon chuid di a fhágáil ar leataobh agus

- go bhfuil an tréimhse fillte ar an obair réasúnta i dtuairim na Seirbhíse Sláinte Saothair ag cur san áireamh imthosca míochaine an cháis aonair.

## 7 Saoire bhreoiteachta agus duine ar shaoire mháithreachais bhreise gan phá (Saoire reachtúil 16 seachtain)

7.1 Faoi fhorálacha an Achta um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004, féadfaidh SNA, a bhfuil iarratas déanta aici ar shaoire mháithreachais reachtúil bhreise gan phá nó a bhfuil saoire mháithreachais bhreise gan phá tosaithe aici agus a tholgann tinneas ina dhiaidh sin, an t-iarratas a chealú nó roghnú gan leanúint leis an tsaoire mháithreachais bhreise gan phá agus féadfaidh sí/sé iarratas a dhéanamh ar shaoire bhreoiteachta ina hionad.

Caithfidh an fostóir agus an SNA dáta chríoch na saoire máithreachais bhreise gan phá a aontú. Measfar go mbeidh an SNA ar shaoire bhreoiteachta ó dháta dheimhniú a dochtúra freastail agus beidh feidhm leis na nósanna imeachta maidir le saoire bhreoiteachta as sin amach. Ní bheidh an SNA i dteideal an saoire máithreachais bhreise gan phá a thógáil ná aon chuid de nach raibh tógtha tráth tosaithe na saoire breoiteachta.

7.2 Faoin Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004, féadfaidh SNA fireann, atá ar shaoire gan phá tar éis bhás mháthair a linbh fad a bhí sé ar shaoire mháithreachais agus

a tholgann tinneas, roghnú gan leanúint leis an tréimhse seo de shaoire gan phá agus féadfaidh sé ina ionad sin iarratas a dhéanamh ar shaoire bhreoiteachta.

Caithfidh an fostóir agus an SNA dáta chríoch na saoire gan phá a aontú.
Measfar go mbeidh an SNA ar shaoire bhreoiteachta ó dháta dheimhniú a d(h)ochtúra freastail agus beidh feidhm leis na nósanna imeachta maidir le saoire bhreoiteachta as sin amach. Ní bheidh an SNA i dteideal ina dhiaidh sin aon tsaoire gan phá bhreise a thógáil nó aon chuid de shaoire mar é nach raibh tógtha tráth tosaithe na saoire breoiteachta.

## 8 Coigeartú Tuarastail

8.1 I gcásanna mar a raibh an teidlíocht ar thuarastal tagtha chun críche, roimh fhilleadh ar an obair, féadfar tuarastal a athbhunú ón dáta a mheasann an tSeirbhís Sláinte Saothair go bhfuil SNA oiriúnach chun filleadh ar lándualgais SNA agus ón dáta sin amháin. Coinníoll is ea é go bhfillfidh SNA ar an obair ar an gcéad lá féideartha i ndiaidh dheimhniú na Seirbhíse Sláinte Saothair.

8.2 Ba chóir aon ghníomh a éilíonn coigeartú ar thuarastal SNA a chuir in iúl don Roinn/Choiste Gairmoideachais láithreach.

## 9 Saoire Bhreoiteachta agus Cead Neamhláithreachta eile:

9.1 Más mian le SNA cineál eile saoire a thógáil, seachas saoire reachtúil nó neamhláithreacht ghairid, díreach i ndiaidh a bheith as láthair óna p(h)ost ar shaoire bhreoiteachta, caithfear deimhniú dochtúra maidir le hoiriúnacht chun filleadh ar lándualgais an phoist a sholáthar don fhostóir. Áirítear leis sin cásanna ina raibh SNA as láthair de dheasca breoiteachta suas go dtí dúnadh na scoile agus ar mhian leis/léi cineál saoire eile a thógáil díreach i ndiaidh an dúnta sin.

## 10 Scor ar fhoras drochshláinte

10.1 D’fhéadfadh SNA a bhreithnítear atá neamhfholláin, i dtuairim dochtúra, chun leanúint lena ról san fhadtéarma a bheith i dteideal, ar stad an tuarastail, sochair áirithe pinsin faoin scéim aoisliúntais do SNA’s agus ba chóir dó/di dul i gcomhairle le Rannóg na bPinsean sa Roinn/Choiste Gairmoideachais chun fáil amach faoi aon teidlíochtaí a d’fhéadfadh a bheith aige/aici sa mhéid sin.

## 11 An tAcht um Eagrú Ama Oibre, 1997 – Teidlíochtaí Saoire Poiblí

11.1 Tá teidlíocht ar shaoire in ionad maidir le lá saoire poiblí ag SNA a bhíonn as láthair ón obair ar shaoire bhreoiteachta dheimhnithe ar lá saoire poiblí laistigh den chéad 26 seachtain de thréimhse saoire bhreoiteachta. Ba chóir an tsaoire in ionad a thógáil díreach i ndiaidh na tréimhse saoire bhreoiteachta nó, mar bheart eisceachtúil, ag dáta ina dhiaidh sin le toiliú an fhostóra.

## 12 Eile

12.1 Stadfar de thuarastal a íoc agus féadfar déileáil leis an ngnó faoi na nósanna imeachta smachta má thugann SNA faoi aon cheann díobh seo a leanas fad atá sí/sé ar shaoire bhreoiteachta íoctha:

- fostaíocht íoctha (i.e. le luach saothair) lena n-áirítear féinfhostaíocht fad atáthar ar shaoire bhreoiteachta íoctha.
- aon ghníomhaíocht  a d'fhéadfadh, i dtuairim na Seirbhíse Sláinte Saothair, cur isteach ar shláinte SNA's agus ar a c(h)umas filleadh ar an obair go luath.

12.2 I gcás saoire bhreoiteachta gan phá, caithfidh formheas foirmiúil a bheith faighte ag SNA ón bhfostóir sula dtabharfar faoi aon fhostaíocht íoctha.  Caithfidh tuairisc ó dhochtúir scrúdaithe an SNA maidir le luach téarnaimh an togra a bheith i dteannta iarratas ar fhormheas.  Ní mór don fhostóir an t-ábhar a atreorú chuig an tSeirbhís Sláinte Saothair chun comhairle a fháil sula ndéanfar cinneadh maidir le fiúntas an iarratais.

12.3 Ba chóir do SNA's a thabhairt ar aird go mbeadh sé contrártha do chuspóir sainráite na scéime seo, go dtabharfadh SNA agus í/é ar shaoire bhreoiteachta faoi aon chineál gníomhaíochta (lena n-áirítear taisteal thar lear) a d'fhéadfaí a rá go réasúnta ina thaobh, dar leis an tSeirbhís Sláinte Saothair, go gcuirfeadh sé moill ar théarnamh an SNA. Caithfear formheas an fhostóra a lorg sula dtugann SNA faoi aon ghníomhaíocht mar sin agus caithfidh an fostóir comhairle a lorg ón tSeirbhís Sláinte Saothair sula ndéanfar cinneadh ina leith.